

Muire

Teaghlaim Téacsanna Gaeilge
don Urnaí agus don Mhachnamh



Íomhá: Fallaing Mhuire / Bratóg Mhuire / Dearná Mhuire

Arna tiomsú ag Coiste Comhairleach na nEaspag um an Liotúirge i nGaeilge,
Lá Breithe na Maighdine Beannaithe Muire, 8 Meán Fómhair, 2024.

Réamhrá

Áis don urnaí agus don mhachnamh is ea an áis seo ina dtiomsaítear rogha téacsanna Gaeilge faoi Mhuire. Táthar ag súil leis go mbeidh paróistí, scoileanna agus ionaid oideachais eile in ann tarraingt aisti i rith na bliana d’ócáidí éagsúla agus go mbeidh sí oiriúnach, freisin, don ghuí phearsanta. Rinneadh iarracht éagsúlacht téacsanna a chur san áireamh inti – sleachta as na scríoptúir, paidreacha coitianta, paidreacha dúchais, liodán agus iomainn ina measc, chomh maith le téacsanna liteartha idir ghearrscéalta agus phíosáí filíochta. Tá foinsí na dtéacsanna luaite taobh leo thíos agus gabhtar buíochas leis na foilsitheoirí as cead a thabhairt na téacsanna a chur ar fáil. Déanann na téacsanna ceiliúradh álainn ar Mhuire, ar ghnéithe dá beatha agus ar ghnéithe de na traidisiúin a luaitear léi. Is mar mháthair Chríost is mó a léirítear í agus mar mháthair a thugann dídean, tearmann agus cúnamh dóibh siúd a chuireann iad féin faoina coimirce agus a impíonn a hidirghuí uirthi. Ar an ábhar sin, ar a breithlá inniu: “Ceiliúramis le gliondar breith na Maighdine Beannaithe Muire, ar uaithi a d’éirigh grian an chirt, Críost ár nDia” (*An Leabhar Aifrin Rómhánach*, Foilseacháin Veritas, 2017, lch 1006).

Clár an Ábhair

1. Sleachta as na Scríoptúir.....	3
2. Paidreacha Coitianta.....	5
3. Paidreacha Dúchais.....	6
4. Liodán Samplach.....	9
5. Gearrscéalta.....	11
6. Filíocht.....	17
7. Paidreacha do Ghuí an Phobail.....	17
8. Paidreacha as <i>An Leabhar Aifrin Rómhánach</i>	18
9. Iomainn.....	19
10. Foinsí.....	22



1. Sleachta as na Scriptorúir

Tá na sleachta seo thíos tógtha as *An Bíobla Naofa*, An Sagart, 1981.

Ógbhean ag iompar: Íseáia 7: 14

Seo, tá an ógbhean ag iompar
agus ar tí mac a shaolú,
agus tabharfaidh sí Imeánuéil mar ainm air.

Banóglach an Tiarna: Lúcas 1: 31, 35, 38

“Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air. ... Tuirlingeoigh an Spiorad Naomh ort, agus beidh cumhacht an Té is airde ina scáil anuas ort ...” Dúirt Muire: “Féach, mise banóglach an Tiarna: déantar liom de réir d’fhocail.”

Cuairt ó mháthair mo Thiarna: Lúcas 1: 39-46

Chuir Muire chun bóthair sna laethanta sin agus d’imigh go deifreach faoi dhéin na gcnoc go dtí cathair in Iúdá, agus chuaigh isteach i dteach Zachairias agus bheannaigh d’Eiliosaibeit. Agus tharla, nuair a chuala Eiliosaibeit beannachadh Mhuire, gur bhíog an naíonán ina broinn, agus líonadh Eiliosaibeit den Spiorad Naomh, agus d’éigh sí de ghlór ard agus dúirt: “Is beannaithe tú idir mná, agus is beannaithe toradh do bhroinne. Agus conas a tharla seo domsa, máthair mo Thiarna a theacht chugam? Óir féach, nuair a chuaigh glór do bheannachtha i mo chluasa, bhíog an naíonán i mo bhroinn le háthas. Agus is méanar di seo a chreid go gcomhlíonfaí na nithe a dúradh léi ón Tiarna.”

Thaiscigh Muire ina cuimhne na nithe seo uile: Lúcas 2: 8, 16-21

Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada.... Agus d’imigh go deifreach, agus fuair siad Muire agus Íosaef, agus an naíonán ina luí sa mhainséar. Agus ar a fheiceáil dóibh, d’inis siad an ní a dúradh leo mar gheall ar an leanbh seo. Agus cách a chuala, b’ionadh leo na nithe a dúirt na haoirí leo. Agus thaiscigh Muire ina cuimhne na nithe seo uile, ag machnamh orthu ina croí. Agus chuaigh na haoirí ar ais ag glóiriú agus ag moladh Dé faoinar chuala siad agus a bhfaca siad, de réir mar a bhí ráite leo.

“Déanaigí cibé ní a déarfaidh sé libh”: Eoin 2: 1-12

An tríú lá bhí pósadh i gCána sa Ghailíl agus bhí máthair Íosa ann. Fuair Íosa cuireadh chun an phósta freisin, agus a dheisceabail. Chuaigh den fhíon agus

dúirt a mháthair le hÍosa: “Níl aon fhíon acu.” Dúirt Íosa léi: “Cad ab áil leat díom, a bhean? Níl m’uairse tagtha fós.” Dúirt a mháthair leis an lucht freastail: “Déanaigí cibé ní a déarfaidh sé libh.” Bhí sé soithí cloiche ansiúd le haghaidh íonghlanadh de réir nós na nGiúdach; choinneoidís a dó nó a trí de mheadair an ceann. Dúirt Íosa leo: “Líonaigí na soithí suas le huisce.” Agus líon siad go béal iad. Dúirt sé leo: “Tarraingí as feasta agus beirigí go dtí máistir na fleá é.” Rug siad, agus nuair a bhlaís máistir na fleá an t-uisce ina fhíon, agus gan a fhios aige cár tháinig sé as (bhí a fhios, áfach, ag an lucht freastail a tharraing an t-uisce) ghlaoigh an máistir ar an bhfear nuaphósta, agus dúirt leis: “Cuireann gach duine an fíon maith ar an gclár ar dtús agus nuair a bhíonn siad ar meisce, an dara grád. Ach choinnigh tusa an fíon maith go dtí anois.” Rinne Íosa an chéad cheann sin dá chomharthaí i gCána sa Ghailíl, agus thaispeáin sé a ghlóir agus chreid a dheisceabail ann.

An Magnificat: Lúcas 1: 46-55

“Mórann m’anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglai;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm,
agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.

Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d’ardaigh sé daoine ísle;

Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.

D’fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –

de réir mar gheall sé dár n-aithreacha –
d’Abrahám agus dá shliocht go brách.”

“Sin í do mháthair”: Eoin 19: 26-27

Nuair a chonaic Íosa a mháthair agus an deisceabal a ghráigh sé ina sheasamh lena hais, dúirt sé lena mháthair: “A bhean, sin é do mhac.” Ansin dúirt sé leis

an deisceabal: “Sin í do mháthair.” Agus ón uair sin amach ghlac an deisceabal isteach ina bhaile féin í.

Comhartha mór sa spéir: Apacailipsis 12: 1

Ansin thaibhsigh an comhartha mór sa spéir, bean a raibh an ghrian mar bhrat uimpi agus an ghealach faoina cosa agus coróin de dhá réalta déag ar a ceann.

2. Paidreacha Coitianta

'Sé do bheatha, a Mhuire

'Sé do bheatha, a Mhuire,
atá lán de ghrásta.
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná
agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh-Mhuire, a mháthair Dé,
guigh orainn, na peacaigh,
anois agus ar uair ár mbáis. Amen.

Fáilte an Aingil

Tháinig Aingeal an Tiarna le scéala chun Muire
Agus ghabh sí ón Spiorad Naomh.
'Sé do bheatha, a Mhuire

Féach, mise banóglach an Tiarna
Go ndéantar liom de réir d'fhocail.
'Sé do bheatha, a Mhuire

Agus ghlac an Briathar colainn dhaonna
Agus chónaigh Sé inár measc.
'Sé do bheatha, a Mhuire

Guigh orainn, a Naomh-Mháthair Dé
Ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost a fháil.

Guímis.
Doirt anuas, impímid, a Thiarna, do ghrásta inár gcroíthe, ionas, sinne a fuair fios, trí scéala an Aingil, ar theacht Chríost do Mhac i gcolainn dhaonna, go dtiocfaimis, trí luaíocht a pháise agus a chroise, chun glóire a aiséirí.
Trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Salve Regina

Go mbeannaítear duit, a Bhanríon, a Mháthair na trócaire,
ár mbeatha, ár milseacht, is ár ndóchas, go mba bheannaithe duit.
Is ortsa a ghlaoidimid, clann bhocht dhíbeartha Éabha;
is chugat a chuirimid suas ár n-osnaí, ag caoineadh agus ag gol, sa ghleann seo
na ndeor.

Ar an ábhar sin, ós tú ár n-abhcóide,
iompaigh orainn do shúile atá lán de thrua.

Agus, tar éis na deoraíochta seo, taispeáin dúinn Íosa, toradh beannaithe do
bhroinne, a Mhaighdean Mhuire cheansa, ghrámhar, mhilis.

Guigh orainn a Naomh-Mháthair Dé, ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost.
Amen.

Memorare

(Naomh Bearnard de Clairvaux a chum an bhunphaidir)

Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire róghrámhar,
nár chualathas trácht ar éinne
riamh a chuir é féin faoi do choimirce
ná a d'iarr cabhair ort
ná a d'impigh d'idirghuí
is gur theip tú air.

Lán de mhuinín asat, dá bhrí sin,
rithim-se chugat, a Mhaighdean na maighdean, is a Mháthair.
Is chugatsa a thagaim,
is os do chomhair a sheasaim,
i mo pheacach bocht atuirseach.
Ó, a Mháthair an Aonmhic,
ná diúltaigh do m'urnaithe
ach éist leo go trócaireach agus freagair iad. Amen.

3. Paidreacha Dúchais

A Mhuire na nGrás

Ó Laoghaire, D. (a chnuasaigh), *Ár bPaidreacha Dúchais: Cnuasach de Phaidreacha agus de Bheannachtaí ár
Sinsear*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975, Paidir Uimhir 468, lch 191-192. Le caoinhead ó Fhoilseacháin
Ábhair Spioradálta.

A Mhuire na nGrás, a mháthair Mhic Dé,
go gcuire tú ar mo leas mé.
Go sábhála tú mé ar gach uile olc
Go sábhála tú mé idir anam is chorp.

Go sábhála tú mé ar muir is ar tír
Go sábhála tú mé ar leac na bpian.
Garda na n-aingeal os mo chionn
Dia romham agus Dia liom.

A Mhaighdean ghlórmhar

Traidisiúnta. An leagan seo: Uí Bhraonáin, D. (eag.), *Paidreacha na Gaeilge / Prayers in Irish*, Cois Life, 2008, lch 28 [sliocht as paidir níos faide].

A Mhaighdean ghlórmhar, mhómhar, mhaiseach,
Is tú mo lón, mo stór, mo thaisce.
Is tú mo réalt eolais ag dul romham i ngach bealach,
Is ar shliabh na ndeor, go mba tú mo chara....

Fáilte duitse a Mhuire Mhór

Traidisiúnta. An leagan seo: Uí Bhraonáin, D. (eag.), *Paidreacha na Gaeilge / Prayers in Irish*, Cois Life, 2008, lgh 30 [sliocht as paidir níos faide].

Fáilte duitse a Mhuire mhór,
Fáilte a Mhaighdean shíoraí,
Ar ár ndeacair, a Mhuire, fóir,
A Mhuire, a mháthair Íosa.

A réalt na maidine, a sciath na mbocht,
Is tú, a anamchara, atá gan locht.
Is tú a thug ar ais an bláth
A thit le Éabha in aontráth

Beannacht leat, a Mhuire

Ó Laoghaire, D. (a chnuasaigh), *Ár bPaidreacha Dúchais: Cnuasach de Phaidreacha agus de Bheannachtaí ár Sinsear*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975, Paidir Uimhir 133, lch 47 [sliocht as paidir níos faide]. Le caoinchead ó Fhoilseacháin Ábhair Spioradálta.

Beannacht leat, a Mhuire,
beannacht leat, a Chríost.
Go gcumhdaí sibh ár n-anam
go dtige sinn arís....

Go mbeannaí Muire thú

Ó Laoghaire, D. (a chnuasaigh), *Ár bPaidreacha Dúchais: Cnuasach de Phaidreacha agus de Bheannachtaí ár Sinsear*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975, 1990, Paidir Uimhir 382, lch 145. Le caoinchead ó Fhoilseacháin Ábhair Spioradálta.

Go mbeannaí Muire agus go mbeannaí Dia thú ...
Go mbeannaí an ghealach gheal is an ghrian thú.

Go mbeannaí an fear thoir 's go mbeannaí an fear thiar thú
agus go mbeannaím féin i ndeireadh thiar thú. Amen.

Fáilte an Linbh Íosa

Traidisiúnta. An leagan seo: Uí Bhraonáin, D. (eag.), *Paidreacha na Gaeilge / Prayers in Irish*, Cois Life, 2008, Ich 49 [sliocht as paidir níos faide].

... Mo ghrása an Mhaighdean ghlórmhar, is í banríon Flaithis Dé,
A rugadh ina haingeal is a baisteadh ina naomh;
Níor dhein sí ariamh peaca ná ní fheadair cad é,
Is gur thuirling ina broinn chuici Mac dílis Dé.

Mo ghrása an Mhaighdean ghlórmhar, is í an Mhaighdean chumhachtach
rógheal,
A dhá bais aici á bpléascadh is a deora ina bhfuil,
Nuair a dhorchaigh na spéartha is an ghrian gheal gur dhuibh,
Do bhí Mac Dé na Glóire sa chrann gan aon choir....

A Mhuire, a Mhaighdean

Ó Laoghaire, D. (a chnuasaigh), *Ár bPaidreacha Dúchais: Cnuasach de Phaidreacha agus de Bheannachtaí ár Sinsear*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975, Paidir Uimhir 472, Ich 194. Le caoinchead ó Fhoilseacháin Ábhair Spioradálta.

A Mhuire, a Mhaighdean, níor chualathas riamh éinne a cuireadh faoi do
chúram fial nach bhfuair sólas is nach bhfuair síth.

Is tú réalt na mara.

Is tú réalt na maidine.

Is tú réalt na hoíche.

Is tú réalt na n-aingeal.

Is tú bláthfhleasc na bhFlaitheas.

Go luí mé le Muire

Ó Laoghaire, D. (a chnuasaigh), *Ár bPaidreacha Dúchais: Cnuasach de Phaidreacha agus de Bheannachtaí ár Sinsear*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975, 1990. Paidir Uimhir 291, Ich 99. Le caoinchead ó Fhoilseacháin Ábhair Spioradálta.

Go luí mé le Muire agus go luí Muire liom.

Go gcodlaí mé le hÍosa agus go gcodlaí Íosa liom.

Go n-éirí mé le Muire, go n-éirí Muire liom.

Go maire mé le hÍosa, go maire Íosa liom.

4. Liodán Samplach

Liodán as *An Leabhar Breac* (fóilió 74a), arna chur in oiriúint do léitheoirí an lae inniu le cúnaimh ón Ollamh Michelle Ní Ríordáin. Tá an tuiseal gairmeach in úsáid tríd síos sa bhunleagan ach fágtar ar lár d'aon ghnó é anseo thíos go minic. Is féidir teacht ar an mbunliodán ('*Litany of the Virgin Mary*') ag: *Corpus of Electronic Texts* (Charles Plummer, le Beatrix Färber agus Ruth Murphy luaite leis an leagan leictreonach), '*Irish Litanies*'. Foilsithe ar líne ag: *CELT: Corpus of Electronic Texts: a project of UCC*, Corcaigh, 2008, 2010, UA an téacs: G206009. Ar fáil ag: <https://celt.ucc.ie/published/G206009.html>

Liodán Mhuire

A Mhuire mhór

A Mhuire os gach Muire

A Mhuire os cionn na mban uile

A ríon na n-aingeal

A bhantiarna neimhe

A bhean lán agus forlán le rath an Spioraid Naoimh

Beannaithe agus róbheannaithe.

A mháthair na glóire suthaine

Máthair na heaglaise ar neamh is ar talamh

Máthair na taise agus an loghtha

Máthair na soilse forórga

Onóir an eithiair

Comhartha na sáimhe

Doras neimhe

Cisteog órga

Leaba na bá agus na trócaire

Teampall na diagachta

Maise na n-ógh.

A bhantiarna na gciníocha

Tobar na luibhghort

Bean ghlanta na bpeacaí

Bean nite na n-anamacha.

A mháthair na ndílleachtaí

Cíoch na naíonán

Sólás na dtruán.

A réalta na mara

Cumhal Dé

Máthair Chríost

Céile an Choimdheadh

Dea-chruthaithe mar cholm
Sochraidh mar an ghealach
Tofa mar an ghrian,
Díchur aithis Éabha
Athnuachan na beatha.

A mhaise na bandála
Ceann na n-ógh
Gairdín foriata
Fíorthobar glasáilte
Máthair Dé.

A ógh shuthain
A ógh naofa
A ógh threabhar
A ógh shéimh
A ógh gheanmnaí.

A theampaill Dé Bhí
Ríchathaoir an rí shíoraí
Sanctóir an Spioraid Naoimh
Ógh ó fhréamh leise
Crann céadrais Shliabh na Liobáine
Crann cufróige Shliabh Shíón
Rós corcra fhearann Iacób
Crann pailme arna bhláthú
Crann olóige lán torthaí
Máthair ghlórmhar mhic
Solas Nazarat
Glóir Iarúsailéim
Maise an domhain
Bean uasal an phobail Chríostaí.

A ríon na beatha
Dréimire na bhFlaitheas
Éist le guí na mbocht.
Ná tabhair neamhaird ar chneadanna agus ar osnaí na dtrúán.

Tugtar ár ndúthracht agus ár n-olagóin tríotsa i láthair Rí na nDúl, óir ní fiú sinn féin go n-éistfí linn, de dheasca ár ndrochthuillteanais.
Díleáigh ár gcionta agus ár bpeacaí, a Bhantiarna chumhachtach neimhe agus talún.
Scrios ár gcolanna agus ár gcorbadh.

Tóg titimí na ndaoine díblí agus na ngéibheannach.
Saor iad siúd atá daortha.
Leasaigh tríotsa treasa ár ndrochbhéas agus ár nduáilcí.
Tíolaic dúinn tríotsa bláthanna agus cumhdach na ndea-ghníomhartha agus na suáilcí.
Suaimhnigh an Breitheamh dúinn trí do ghuí agus d'impí.
Ná ceadaigh, ar do thrócaire, go mbeire ár naimhde chun siúil sinn mar chreach.
Ná lig ár n-anam a dhaoradh ach gabh chugat féin sinn faoi do choimirce choíche.

Achainímid ort agus guímid thú fós, a Naomh-Mhuire, trí do mhórimpí ar d'aon-Mhac Íosa Críost, Mac Dé Bhí, go gcumhdaí Dia sinn ó gach priacal agus ionsaí; agus iarr dúinn ar Dhia na nDúl go bhfaighimidne uile maithiúnas uaidh agus loghadh inár bpeacaí agus ár gcionta uile; agus go bhfaighimid uaidh fós trí d'impí-se áitreabh síoraí sna Flaithis naofa trí shaol na saol, i láthair naoimh agus naomh-ógha an domhain. Go dtuillimid sin, go raibh sin againn, *in saecula saeculorum*. Amen.

5. Gearrscéalta An Mháthair

Gearrscéal le Pádraig Mac Piarais, arna fhoilsiú in Ó Háinle, C. (eag.), *Gearrscéalta an Phiarsaigh*, Cló Thalbóid, 1979, lgh 94-99.

Bhí comhlúadar ban ag sníomh bréidín tigh Bhairbre an Droichid oíche airneáin. Ba cheol leat a bheith ag éisteacht leo agus a nglórtha ag déanamh comhbhinnis le dordán na dtuirní, mar a bhíos glór an tseamsúir le crónán na ndos.

Cluineadh an scread. An naíonán a labhair trína chodladh.

'Drochrud a ghabh thar an doras,' arsa Bairbre. 'Éirigh, a Mháire, agus bog an cliabhán.'

D'éirigh an bhean ar labhraíodh léi. Bhí sí ina suí ar an urlár go dtí sin ag cardáil. Chuaigh sí anonn go dtí an cliabhán. Bhí an naíonán ina lándúiseacht roimpi agus é ag caoineachán go truamhéalach. D'ísligh Máire ar a glúine le hais an chliabháin. Chomh luath agus a chonaic an leanbh a haghaidh, stad sé den chaoineachán. Aghaidh fhada fhíorghreanta a bhí uirthi, mala mhín leathan, gruaig dhubh agus í casta ina triopail fhada faoina ceann, agus dhá shúil ghlasa aici a dhearcfadh go mall maorga agus go buartha brónach ort. Bhí sé de bhua ag Máire go gceansaítí leanbh crosta nó go gcodlaíodh leanbh breoite le féachaint ar an aghaidh mhín mhánla úd aici agus ar na súile glasa grámhara úd aici.

Thosaigh Máire ag gabháil Chrónán na Banaltra de ghlór íseal. Stad na mná eile den chomhrá ionas go n-éistfidís léi. Ba ghearr go raibh an naíonán ina thoirchim suain. D'éirigh Máire agus chuaigh ar ais go dtí an áit ina raibh sí ina suí cheana. Thosaigh uirthi ag cardáil arís.

'Go raibh maith agat, a Mháire,' arsa Bairbre. 'Níl iontas ar bith ach an chaoi a bhfuil tú in ann na páistí a chur a chodladh. Cé gur liom féin an t-oidhre óg sin, bheinn uair an chloig leis sula gcodlódh sé dhom.'

'Tá draíocht ag Máire,' arsa bean eile.

'Is geall le ceoltóirí Mheidhbhe í a chuireadh slua fear a chodladh nuair a ghabhaidís a suantraí,' a deir Sean-Úna Ní Ghriallais.

'Nach breá uaithi Crónán na Banaltra a rá?' arsa an dara bean.

'M'anam go gceapfa gurb í an Mhaighdean féin a bheadh á rá,' arsa Sean-Úna.

'Meas tú an fíor, a Úna, gurb í an Mhaighdean Bheannaithe (moladh go deo léi) a rinne an ceol sin?' arsa Bairbre.

'Tá a fhios agam gur fíor. Nach leis an gcrónán sin a chuireadh sí Mac Dé (míle glóir lena ainm) a chodladh nuair a bhí sé ina naíonán?'

'Agus cén chaoi a mbeadh sé ag na daoine anois, mar sin?' arsa Bairbre.

'A theacht anuas ó shinsear go sinsear, is dóigh, mar a tháinig na scéalta Fiannaíochta,' a deir bean de na mná.

'Ní hea, a mh'anam,' arsa Sean-Úna. 'Na daoine a chuala an ceol ó bhéal na Maighdine féin anseo sa taobh tíre seo ní i bhfad ó shin.'

'Ach cén chaoi a bhféadfadh siad é a chloisteáil?'

'Nach bhfuil a fhios ag an saol go dtéann an Mhaighdean ghlórmhar thart timpeall na mbailte chuile Oíche Nollag, í féin agus a Leanbh?'

'Chuala mé na daoine a rá go dtéann.'

'Agus nach bhfuil a fhios agat, má fhágtar an doras ar oscailt agus coinneal ar lasadh sa bhfuinneog, go dtiocfaidh an Mhaighdean agus a Leanbh isteach sa teach agus go suífidh siad lena scíth a ligean?'

'M'anam go gcuala mé é sin freisin.'

'Bean i nDúiche Sheoighe a d'fhan ina suí Oíche Nollag leis an Maighdean a fheiceáil a chuala an ceol uaithi den chéad uair agus a mhúin don tír é. Is minic a chuala mé iomrá fúithi nuair a bhí mé i mo ghearrchaile. Máire na Maighdine a thugtaí uirthi. Deirtear gur minic a chonaic sí an Mhaighdean ghlórmhar. Cailleadh i dTeach na mBocht in Uachtar Ard í cúpla bliain sular pósadh mise. Beannacht Dé le hanamacha na marbh.'

'Áiméan, a Thiarna,' a deir na mná eile. Ach níor labhair Máire. Bhí sí agus a dhá súil mhóra ghlasa ag dul, mar a déarfá, trí éadan Shean-Úna, agus í ag insint an scéil. Labhair sí tar éis tamaill.

'An bhfuil tú cinnte, a Úna, go dtagann an Mhaighdean agus a Leanbh isteach sna tithe Oíche Nollag?' ar sise.

'Chomh cinnte is atá mé beo.'

'An bhfaca tusa riamh í?'

‘Ní fhacas, a mhainín. Ach an Oíche Nollag tar éis ar pósadh mé, d’fhan mé i mo shuí le í a fheiceáil, dá ngeallfaí dhom é. Thit néal codlata orm. Dhúisigh torann eicínt mé agus ar oscailt mo shúl dom b’fhacthas dom go bhfaca mé mar a bheadh bean óg agus naíonán ina hucht ag gluaiseacht amach an doras.’

Níor labhair aon duine ar feadh i bhfad. Níor cluineadh sa teach ach dordán na dtuirní agus pléascadh na tine agus ceiliúr na gcriogar. D’éirigh Máire.

‘Beidh mé ag giorrú an bhóthair,’ ar sise. ‘Go dtuga Dia oíche mhaith dhaoibh, a mhná.’

‘Go luathaí Dia leat, a Mháire,’ d’fhreagradarsan le chéile. Thug sí an doras amach uirthi féin.

Bhí mar a bheadh caor thine i gcroí na mná sin agus í ag dul an bóthar abhaile faoi dhorchadas na hoíche. Mórmhian a hanama a bhí á creachadh agus á loscadh le fada .i. mian clainne. Bhí sí pósta le ceithre bliana, ach ní raibh aon chlann aici. Is minic a chaitheadh sí na huaireanta ar a glúine ag guí Dé leanbh a chur chuici. Is minic a d’éiríodh sí den leaba de shiúl oíche agus dul ar a dhá glúin nochtta ar an leac fhuar chrua ag déanamh na hachainí céanna. Is iomaí pionós a chuireadh sí uirthi féin le súil go mbogfadh crá a colainne croí Dé. Is minic, nuair a bhíodh a fear as baile, a théadh sí a chodladh gan dinnéar gan suipéar. Uair nó dhó, nuair a bhí a fear ina chodladh, d’fhág sí an leaba agus chuaigh amach agus sheas scaitheadh fada faoi dhrúcht na hoíche ag cur a himpí go huaigheach chun na spéartha dorcha. Uair amháin bhain sí fuil as a slinneáin le buillí a thug sí di féin le lasc. Uair eile sháigh sí dealga isteach ina feoil i gcuimhne ar an gcoróin spíonta a chuaigh ar mhala an tSlánaitheora. Bhí na pionóis agus an crá croí ag goilliúint ar a sláinte. Níor thuig aon duine céard a bhí uirthi. Níor thuig a fear féin, fear macánta modhúil, an scéal i gceart, cé gur minic a chluineadh sé san oíche í ag caint léi féin mar a bheadh máthair ag caint le leanbh nuair a mhothódh sí a lámh nó a bhéal lena cíoch. Faraor géar, is iomaí bean a fháisceas lena croí agus a labhraíos go híseal i gciúintráth na hoíche le leanbh nár rugadh is nach mbéarfar.

B’fhada le Máire go dtáinig Oíche Nollag. Ach mar a théas caitheadh i ngach ní, chuaigh caitheadh sa chairde aimsire sin. B’fhada léi lá Oíche Nollag go dtáinig an deireadh lae. Scuab sí urlár an tí agus ghlan sí na cathaoireacha agus d’fhadaigh sí tine théagartha roimh dhul a chodladh di. D’fhág sí an doras ar oscailt, agus leag sí coinneal fhada gheal san fhuinneog. Nuair a shín sí le hais a fir, níor chun codlata é ach chun faire. B’fhada léi gur chodail a fear. D’airigh sí faoi dheireadh ar a chiúine is a bhí sé ag tarraingt a anála go raibh sé ina chodladh. Ansin d’éirigh sí, chuir uimpi a gúna, agus théaltaigh amach go dtí an chistin. Ní raibh aon duine roimpi. Ní raibh fiú na luiche ag corraí sa teach. Bhí na criogair féin ina gcodladh. Bhí an tine ina gríosach dhearg. Bhí an choinneal ag lonnú go soilseach. Chrom sí ar a glúine i ndoras an tseomra. Ba bhinn léi ciúnas an tí sa mheán oíche, cé go mb’uafar. Tháinig ardú aigne uirthi mar a thigeadh uaireanta sa séipéal agus í ar tí Corp Chríost a ghlacadh ó lámha an tsagairt. Thuig sí ar mhodh éigin nárbh fhada uaithi an Mhórgacht Dhofheicthe agus gur ghearr go gcluinfadh sí a coiscéim. D’éist sí go

foighneach. Bhí an teach féin, dar léi, agus a raibh ann idir bheo agus neamhbheo, ag éisteacht freisin. Bhí na cnoic ag éisteacht agus clocha na talún agus reanna réaltanacha na spéire.

Chuala sí an fhuaim. Coiscéim ar leac an dorais. Chonaic sí bean óg ag teacht isteach agus Leanbh fáiscithe lena hucht aici. Dhruid an bhean óg aníos chun na tine. Shuigh sí ar an gcathaoir. Thosaigh sí ag crónán os íseal dá Leanbh. D'aithin Máire an ceol. Is é an ceol a bhí ann Crónán na Banaltra.

Tamall dóibh mar sin. An bhean ag fáscadh a Linbh lena hucht agus ag crónán go fíorbhinn, go fíorbhog. Máire ar a dhá glúin faoi scáth an dorais. Ní raibh inti labhairt ná corraí. Is ar éigean a bhí inti a hanáil a tharraingt.

Sa deireadh d'éirigh an bhean. Is ansin a d'éirigh Máire. Chuaigh sí anonn chun na mná.

'A Mhuire,' ar sise de ghlór an-íseal.

Thiontaigh an bhean a haghaidh uirthi. Aghaidh álainn mhaorga ba ea í.

'A Mhuire,' a deir Máire arís, 'impíagam ort.'

'Abair,' arsa an bhean eile.

'Leanbh ag ól bainne mo chíche,' arsa Máire. 'Ná diúltaigh mé, a Mhuire.'

'Druid liom níos gaire,' a deir an bhean eile.

Dhruid Máire léi. D'ardaigh an bhean eile a Leanbh féin. Shín an Leanbh a dhá lámh bheaga amach agus leag lámh go mín ar gach leaca de dhá leaca Mháire.

'Déanfaidh an bheannacht sin torthach thú,' a deir an Mháthair.

'Is maith an bhean thú, a Mhuire,' arsa Máire. 'Is maith é do Mhac.'

'Fágaim beannacht sa teach seo,' arsa an bhean eile.

D'fháisc sí a Leanbh lena hucht arís agus ghabh an doras amach. Chuaigh Máire ar a glúine.

Tá bliain caite ón Oíche Nollag sin. An uair dheiridh a ghabhas thar theach Mháire, bhí leanbh ina hucht. Bhí an fhéachaint úd uirthi nach mbíonn ar aon duine ach ar mháthair nuair a mhothaíos sí béal a céadmhic lena cíoch.

'Is fearr le Dia na mná ná na fir,' a dúras liom féin. 'Is chucusan a chuireas sé na bróin is mó agus is orthusan a bhronnas sé an t-aoibhneas is mó.'

Rinneadh ...

Gearrscéal le Máirtín Ó Cadhain, arna fhoilsiú in *An tSraith Dhá Tógáil*,
Sáirséal·Ó Marcaigh, 1970, 1981, lgh 11- 15. Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnacht.

Ní raibh sé ach in a nóin. Ba shin é a d'fhága nach raibh an bruth mór sa ngrian a mbeadh inti amach i mboilg an lae. Don tráth seo de lá mar sin féin ní raibh sí ach ag téamh go suanmhar. Ní teas a shamhalódh duine léi ach solas. Solas: gile: lá ...

Bhí fear, fear oibre ar a fheistear, ag teacht anoir an bóthar. Tuile thuilteach meánaoise ag dul faoin a chuid cosa, dhá dtámáil. Atuirse a shaoil ag cogarnaíl aníos astu: í clóbhualite in a cairt ar a cheannaghaidh freisin. A

ghuaillí silte de bheagán nó de mhórán: duine is cosúil a chaitheadh uaireantaí fada cromtha go leataobhach ar aon chineál amháin oibre. D'ardaíodh sé a shúile ón mbóthar cnáimhthirim go dtí an cnoc a raibh a leiceann ina chneá cianaosta cheal uisce. Mhoilligh sé ag an teach ar an deasóg. Ansin ghluais ar aghaidh cupla céim go raibh díreach as a chomhair sin amach. Teach tíriúil donnbhríceach a raibh ceann d'adhmaid geal an tsléibhe air a bhí ann. Ba é an seandúine féin a chuir an ceann air. Ní raibh an teach mór ná beag, taibhseach ná ró-lom. Ba é an chéad smaoine a thioctadh do dhuine, go raibh sé an-ghlan.

Ó bheith umhal moiglí dóibh anoir an bóthar bhí súile an tseandúine i ndiadh tomhaise a dhéanamh. A chéadfaí uilig cuingrithe ar éill dhá ligean ... Arae bhí rud eicint san aer. Ní aer chor ar bith a bhí fanta ann. Fíon nó túis, nó spíosra: cloch bhua ar mhó arís dá chumharacht ná dá dealra. Rud éadálach eicint mar sin, ar aon nós. Ba dheacair leis an seandúine rudaí éadálach a shamhalú: ní raibh aon chleachta aige orthu. Ba gheall le bheith ag fleá é a bheadh sé a fáil in aisce. Ó b'annamh mhothaigh sé an choirim buille borb. Ní flea, ní coirm go ceol. Bhí an ceol ann, ceol bodhar mar bheadh sé ag teacht i bhfad ó láthair. Gach uair dhá bhféachadh an seanfhear le é dhiúl in a chluais leádh sé uaidh in a chuid de chíor mheala an aeir. Ach bhí aoibhneas gach ceol dá aoibhne ann agus é le fáil in aisce ag bocht agus nocht. Go cinnte rud atá annamh sa saol a bhí ann: imeacht eicint a bhí ar siúl ina ghaobhar agus a raibh sé ag cinnt air a ghaibhinniú. D'fhéach síos ar a lámha spuacach. Teanachair a chéadfaí a bheith roshníofa ro-mhaolaithe ag saol agus saothar. Bhí an t-aer mar bheadh sé dhá shuaithe ina thaos cumhara ag fuinteoir. Cré, beithíoch, duine dhá suaithe. B'áibhéil iad fearta Dhé Mhóir! Tháinig an chéad mhoiglíocht a bhí iontu ar a chéim anoir ar ais sna súile ...

Breá nach raibh sé ag dul chun a lóin, seachas uaibhéal a bheith air anseo ag sloga na ngrást, ar nós amadán an bhaile! Bhí dalla oibre roimhe. Tháinig an t-ualach adhmaid ar maidin. Níor mhór dó oibriú ar a mhine ghéire, buille luath an Luain agus buille deireanach an tSathairn, le bheith ar a acmhainn snáth a choinneáil faoin bhfiacail. Ba bhocht an saol é. Ba ghann. Cíosannaí agus cánachaí ina n-aithinne ar chraiceann an duine. Earra daor. Allas na málaí saor. Mar sin a bhí. Ní do dhaoine bochta ba dhual a bheith ag clamhsán ...

Bhí troilseáin mhóra gaetha gréine ag muirniú an tí.

An garán ina chlárseach bheo, rud ab annamh leis an trácht lae sin, ainneoin go mba thearmann sa limistéar spalptha sin é d'éanlaith na tíre. Ghéim damh in áit eicint. B'iondúil an damh a bheith rothámleisciúil rothuirseach faoin am seo le géim a ligean. D'fhreagair asal ó cheird eile é. Fuaim altach a bhí i nglór an asail, amhail ba dhá gearra amach as clár le sábh a bheifí. Ba gheall leis an duine bocht féin é. Ábhar glóir a bhí aige: ní ábhar ceoil. Bhí aoibheall eicint air ar ala na huaire, aoibheall linbh a ngeallfaí bréagán mór gairéadach dó. Agus nuair a labhair sé in athuair bhí sé ansin i gceartlár an bhóthair in a bheithíoch uasal, gan cosúlacht ar bith air go raibh míola ná sceartáin ná cleabhair ar óstachas in a chuid mairceannaí, ná go raibh an iomarca fáis déanta ag a chuid crúba ariamh ...

Thiúrfadh an seanfhear an leabhar go bhfaca sé leon agus uan ag macnas le chéile ag dul isteach sa ngarán; go bhfaca sé ealta éan a raibh seabhac, builtéar, spideog agus colm ar a bhfud, ag tuirlingt sa ngarán le dhul ag comhsheim, ceol aisteach amhra nár chuala sé cheana ariamh ag éan; go bhfaca sé easóg agus coinín ...

Má ba ar a shean súile a bhí mearbhall! Ar shean súile leathdhall a chaithfeadh, de bharr na huaireasa sin féin, géille a thabhairt do na sondaí bréagach a chumfadh an rath dóibh ab éigean dó a fháil ar iasacht ó chéadfaí eile ... Má ba ar a shúile a bhí sé, má ba ea, ba dallach dubh é a bhí ar dhaoine nach é! Ba shin í aníos an bóthar bean an chriadóir. Ach oiread leis féin agus leis an asal ní raibh a saol le maíomh uirthi. D'óladh an criadóir chuile sciúrtóg, d'fhágadh ocras agus anshó uirthi, agus deirtí go mbuaileadh sé ar a chuid óil í, faoi rás nár thug sí clann dó. I riocht is nach raibh sa maide críon ba cholainn di ach ceap le clár nuadhóite a héadain agus le fialuibh a foilt léith scáinte a fhuilingt ... Bhí gach rud, fiú an rud ab fhánaí, athraithe. Rás go raibh bean an chriadóir athraithe ... Mar bheadh lann mhínfhaobhair Dhamascach ag dluíú an tsíoda ba chaoile san aer ... Ní fhéadfadh sé a rá céard é. Cén chaoi a bhféadfadh seisean a rá céard é rud ar bith? Fear aineolach oibre ...

Bhí an taispeána ag dul chun soiléire. Feiceáil thrí bhalla teangmháilte, thrí bhrat nár cuireadh de leataobh, isteach sa ngrianán: bord d'adhmaid geal an tsléibhe – é féin a rinne é – agus crúsca de thoraí na tíre air. Bhí rudaí eile dhá bhfoilsíú féin as an loch eochairgheal solais le hais an bhoird a raibh dealáin réaltach ag spréacha in a seodspéir inti. Ba shin cumraíocht éagruthach, ar cheol a gluaiseacht staidiúil. Agus bhí cruth eile ann nár léar ach sa tomhas céanna a raibh cloisteáil ar an gceol bodhar. Bhí an solas folcach chomh griodánta sin is nach bhfuilingeodh súil féachaint air. Bhog agus chrom an chumraíocht isteach sa solas mar a raibh an chruth cheilte ar lú, fearacht an tsolais féin, de sholas í, ná de reacht dhiamhair ...

Seo anonn bean an chriadóir de sciotán, bháith sí le deora agus thriomaigh le póga fáithim, uaim agus ciumhais an ghúna ghoirm. Ba gheall le duine í a bheadh ag diúl rud éadálach eicínt, ag glaca íocshláinte a raibh fios a saoil inti, siar ina gion. Bhí an dá shúil a raibh tnutháin shíormheallta a saoil thrí lasa iontu an nóiméad sin, sáite suas sna súile caoine. Bhí an damh, an t-asal freisin, ag déanamh ar a n-aghaidh go mall maorga, leagan dólásach a súile cosúil le súile duine ...

Rinne súile an tseandúine tomhais ní ba dofhuasclaithe ná ariamh; cas-scéal siobairneach, réim arbh é a críocha baile beag, asail agus daimh, cíos agus cáin, an criadóir meisciúil agus an maide críon ba bhean dó ... Ach bhí dearmad déanta ar an adhmaid arbh é a chuid den tsaol é ag Seosamh Nazareth agus é ag féachaint ar an mbean ghriansholais, Muire: Máthair Dé ...

6. Filíocht

Cuireadh do Mhuire

Dán le Máirtín Ó Direáin, arna fhoilsiú in Ó hAnluain, E. (eag.), *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta*, Cló Iar-Chonnacht, 2010, 47. Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnacht.

An eol duit, a Mhuire,
Cá rachair i mbliana
Ag iarraidh foscaidh
Dod leanbh Naofa,
Tráth a bhfuil gach doras
Dúnta ina éadan
Ag fuath is uabhar
An chine dhaonna?

Deonaigh glacadh
Le cuireadh uaimse
Go hoileán mara
San Iarthar chianda:
Beidh coinnle geala
I ngach fuinneog lasta
Is tine mhóna
Ar theallach adhainte.

7. Paidreacha do Ghuí an Phobail

Sampla 1

Mac Giolla Chomhaill, A., *Paidrín Scriptorúir*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 2007, 5, 7, 45. Le caoinchead ó Fhoilseacháin Ábhair Spioradálta [arna chur in oiriúint].

1. A Thiarna, thug an Mhaighdean bheannaithe freagra ar an ghlaoch a fuair sí ó Dhia, gan cheistiú, gan mhoilliú. Lón sinne dá creideamh daingean agus deonaigh go n-éistfimid go haireach le glaoch Dé inár saol. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
2. Thug Muire máthair cuairt ar a bean ghaoil Eilís chun cabhrú léi in am a gátair. Deonaigh, a Thiarna, go mbeidh sé de mhisneach againne cabhrú leo siúd a bhfuil lámh chúnta de dhíth orthu. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
3. A Thiarna, agus tú ag saothrú an bháis ar an Chros, bhronn tú Muire orainn mar mháthair. Is é ár nguí go gcuirfimid aithne níos fearr uirthi agus go dtuigfimid níos fearr go mbíonn sí ag idirghuí ar ár son ar neamh. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*

Sampla 2

McLoughlin, P., *Guí an Phobail ar Ócáidí Éagsúla*, Foilseacháin Veritas, 2019, lch 19 [arna chur in oiriúint].

Paidreacha ar son Máithreacha

1. Guímid ar son máithreacha. Cosúil le Muire, go dtaispeána siad grá dá gcuid leanaí ionas go bhfoghlaímí gach duine conas glacadh lena chéile i ngrá, le hatrua agus le seirbhís. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
2. D'éist Muire le teachtaireacht Dé. Go leana máithreacha plean Dé dóibh go fial. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
3. Gnáthbhean ab ea í Muire, máthair Íosa. Go gcoimeáda Íosa máithreacha gar dá chroí agus go ndéana sé iad a bheannú. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*
4. Déanann Muire gairdeas ar neamh. Guímid ar son na máithreacha go léir atá ar shlí na fírinne. Go dtuga Dia lúcháir agus síocháin dóibh sna flaithis. A Thiarna, éist linn. *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*

8. Paidreacha as *An Leabhar Aifrinn Rómhánach*

Tá na sleachta seo thíos tógtha as *An Leabhar Aifrinn Rómhánach: Leagan Altóra*, Foilseacháin Veritas, 2017.

Urnaí chun na Maighdine Beannaithe Muire

(lch 1625)

A Mháthair ghrámhar na trócaire,
a Mhaighdean Ró-Bheannaithe Muire,
ós amhlaidh gur donán agus peacach neamhfhiúntach mé,
teithim chugat go lánfhonnmhar muinéach
agus iarraim do chineáltas
ionas, faoi mar a sheas tú in aice le do Mhac Ró-Mhuirneach
agus é ar crochadh ar an gCrann,
go dtoileodh tú ar an gcaoi chéanna
seasamh go trócaireach in aice liomsa, an peacach bocht, ... Amen.

An Chomhurnaí

(lch 1143)

A Dhia ar thoil leat gur as broinn na Maighdine
a ghluaisfeadh do Bhriathar a rugadh ón tsíoraíocht,
deonaigh, impímid ort,
go soilseoidh sé ár ndorchadas
le niamhracht a láithreachta féin,

trí idirghuí Mhuire Beannaithe,
agus go dtabharfaidh sé lúcháir agus síocháin dúinn
as a lánmhaireacht féin....

An Iontróid

(Ich 1139)

Is méanar duit, a Mhaighdean naofa Muire,
agus is fiú go mór gach moladh thú:
óir is uaitse a d'éirigh grian na córa, Críost ár nDia,
ar tríd a slánaíodh agus a saoradh sinn.

An Iontróid (arna bunú ar Lúcas 2: 34-35)

(Ich 1017)

Dúirt Simeon le Muire: Féach is dán dó seo
a bheith ina thrúig leagtha agus éirithe dá lán in Iosrael,
agus ina chomhartha a shéanfar;
agus gabhfaidh claíomh trí d'anam féin.

An Chomaoineach (arna bunú ar Lúcas 2: 19)

(Ich 906)

Thaiscigh Muire ina cuimhne na briathra seo uile,
ag machnamh orthu ina croí.

An Iontróid (arna bunú ar Lúcas 13: 18-19)

(Ich 1010)

Is beannaithe thú, a Mhaighdean Mhuire,
ag an Tiarna Dia, an té is airde,
thar mhná uile an domhain,
óir mhéadaigh sé d'ainm chomh mór sin
nach rachaidh an moladh ort ar ceal ó bhéal na ndaoine.

9. Iomainn

Suantraí na Maighdine

Traidisiúnta. An leagan seo: Threadgold, J. (eag.), *The Veritas Hymnal*. Eagrán don Orgán, Foilseacháin Veritas, 1975, Ich 78.

Adhram mo leanbh beag tagtha chun saoil;
Codail, a leanbh, go sámh.
Adhram a laige 's a loime nocht fhaon.
Codail, a leanbh, go sámh.
Inis, a ghrá liom, id luí sa mhainséar,

Inis cén fáth duit bheith sínte sa bhféar,
Is tú Coimdhe na ngrásta 'gus Íosa Mac Dé.
Codail, a leanbh, go sámh.

A Mhuire, a mháthair 's a bhuime mhín shéimh,
Codail, a leanbh, go sámh.
Is mé Coimdhe na ngrásta 'gus Íosa Mac Dé;
Codail, a leanbh, go sámh.
Ach go beo-bhocht a tháinig le mian ar an saol,
chun deoraithe fánacha a shaoradh ón éag,
'S nuair chrochfar in airde mé leigheasfar a bpian;
Codail, a leanbh, go sámh.

Iomann Taispeánta Chnoc Mhuire

Ceiliúrtar Lá Fhéile Muire an Chnoic ar 17 Lúnasa. Focail (arna gcur in oiriúint): Tom Neary; Ceol: Marie Dunne, arna fhoilsiú in: Dunne, M., *Aifreann Mhuire an Chnoic: Canaigí Amhrán Nua don Tiarna*, Levins Print, 2010, lgh 32-35. Le caoinchead ó Marie Dunne.

A Bhanrion na hÉireann! Céad fáilte go deo;
as ucht do chuairt chugainn, i gCnoc i Maigh Eo.
Sa bhfómhar do theacht dúinn, i Lúnasa fial;
is muid brúite faoi anró, faoi chruatan ar ár dtriall.

Áivé, Áivé, Áivé Maria! Áivé, Áivé, Áivé Maria!

Tá rós órga álainn ar do choróin
ag tabhairt sólais dúinne, in aimsir an bhróin.
Faoi shoilse na n-aingéal, slán ón bhfearthainn ghéar,
tá finnétithe Chnoc Mhuire, ag guí ar an bhféar.

Ar dheis leat, a Mhuire, Naomh Iósaf atá;
is ar do chlé ghléigeal, tá Aspal an Ghrá.
Tá Leabhar Ársa Scriptorúir i lámh Eoin ansin;
ina bhfuil focail Mhuire, ó bhainis Chána lena linn.

I gceartlár na binne, tá Altóir an Uain;
is cros ann mar chomhartha na híobartha dúinn.
Tá na haingil ag eitilt, thart timpeall gan ghleo;
ag adhradh ár dTiarna, ó mharbh éirithe beo.

A Mhuire, ár Máthair, guigh orainn go caoin;
bí ár dtreoir chuig Íosa, ár mbeatha, is ár maoin.
A Bhanrion! Ná tréig sinn, tabhair cúnamh do chách;
is beannaigh ár dtír-ne, anois is go brách.

A Mhuire Mháthair

Traidisiúnta. Tá leagan foilsithe ag Veritas: Oideachas, *InGrá Dé*. Rang a Ceathair. Foilseacháin Veritas, 2017. Taifeadh ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=4vbl2JOC9Ho> [arna fháil ar an 28 Lúnasa, 2024].

A Mhuire Mháthair, 'sé seo mo ghuí
go maire Íosa go deo im' chroí.
Áivé Maria, mo ghrá Áivé,
is tusa mo mháthair, is máthair Dé.

A Mhuire Mháthair, i rith mo shaoil
bí liom mar dhídean ar gach aon bhaol.
Áivé Maria, mo ghrá Áivé,
is tusa mo mháthair, is máthair Dé.

A Mhuire Mháthair,
atá lán de ghrásta, go raibh tú taobh liom ar uair mo bháis.
Áivé Maria, mo ghrá Áivé,
is tusa mo mháthair, is máthair Dé.



Foinsí

Téacsanna

Comhdháil Easpag Chaitliceacha na hÉireann (a d'aistrigh), *An Leabhar Aifrinn Rómhánach: Leagan Altóra*, Foilseacháin Veritas, 2017.

Corpus of Electronic Texts (Charles Plummer, le Beatrix Färber agus Ruth Murphy luaite leis an leagan leictreonach), 'Irish Litanies.' Foilsithe ar líne ag: *CELT: Corpus of Electronic Texts: a project of UCC*, Corcaigh, 2008, 2010, <https://celt.ucc.ie/published/G206009.html> [arna léamh ar an 28 Lúnasa, 2024].

Dunne, M., *Aifreann Mhuire an Chnoic: Canaigí Amhrán Nua don Tiarna*, Levins Print, 2010.

Mac Giolla Chomhaill, A., *Paidrín Scriptorúir*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 2007.

McLoughlin, P., *Guí an Phobail ar Ócáidí Éagsúla*, arna aistriú go Gaeilge ag Breandán Ó Raghallaigh. Foilseacháin Veritas, 2019.

Ó Cadhain, M., *An tSraith Dhá Tógáil*, Sáirséal·Ó Marcaigh, 1970, 1981.

Ó Fiannachta, P. (príomheagarthóir Gaeilge), *An Bíobla Naofa*, An Sagart, 1981.

Ó Háinle, C. (eagarthóir), *Gearrscéalta an Phiarsaigh*, Cló Thalbóid, 1979.

Ó hAnluain, E. (eagarthóir), *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta*, Cló Iar-Chonnacht, 2010.

Ó Laoghaire, D. (cnuasaitheoir), *Ár bPaidreacha Dúchais: Cnuasach de Phaidreacha agus de Bheannachtaí ár Sinsear*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975.

Threadgold, J. (eagarthóir), *The Veritas Hymnal*. Eagrán don Orgán, Foilseacháin Veritas, 1975.

Uí Bhraonáin, D. (eagarthóir), *Paidreacha na Gaeilge / Prayers in Irish*, Cois Life, 2008.

Veritas: Oideachas, *I nGrá Dé*. Rang a Ceathair. Téacsleabhar Bunscoile, Foilseacháin Veritas, 2017.

Íomhánna

Panko Media, 'Fallaing Mhuire.' Pacáiste de Phriontaí Digiteacha. Panko517.pdf. Cead úsáide tugtha ag Panko Media trí www.etsy.com [arna fháil ar an 28 Lúnasa, 2024].

Tuilleadh Léitheoireachta

Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge, *Guí an phobail*, Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge, Lá Fhéile Muire Mór, 1987.

de Bhailis, M., *Moladh na Maighdine*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1961.

Naomh Alphonsus de Liguóirí, *An Mhaighdean Ghlórmhar*, arna aistriú go Gaedhilg ag Conn Ó Mongáin, MacGoill, 1936.

Ní Ghráda, M., *Muire na nGaedheal*, Comhlucht Oideachais na hÉireann, 1937.

Ní Ríordáin, M., *Muire na mBard: móradh na Maighdine*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 2016.

Ó Domhnaill, C. & Ó Dúshláine, C., *Muire, Máthair Dé: machnaimh dhiagachta*, Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 2006.

Ó Domhnaill, M. (eag.), *Beata Muire*, Oifig an tSoláitair, 1940.

Ó Mainín, M. (cnuasaitheoir), *Díolaim d'Aifrinn na Maighdine Beannaithe Muire: roghnú as Collection missarum de beata Maria virgine, editio typica 1987, concordat cum originali*, An Sagart, 2000.



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN